

AN FIADHÚLRA

eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie



An Cat Crainn (*Martes martes*)

Tá an cat crainn ar cheann desna hainmhithe dúchais is caithisí dá bhfuil in Éirinn. Bhíodh sé le fáil go forleithadúil ar fuaid na tíre ach níl a thuilleadh ach amháin i sainphaistí áirithe áitiúla, a bhfuil a bhfurmhór sa deisceart agus san iarthar.

Ainmneacha

Sa Ghaeilge, mar atá feicthe againn thuas, tugtar an cat crainn ar *Martes martes*. Tagann an t-ainm i gceist in a lán logainmeacha m.sh. Carraig an Chait (Co. Mhuigheo) agus Cnocán an Chait (Co. na Gaillimhe). I Luimneach deirtear 'marten cat' leis as Béarla. Má sea ní leis an gcat atá an t-ainm seo gaolmhar; baineann sé le cineál na *Mustellidae* agus tá a ghaol leis an eas, an dobharchú, an minc agus leis an mbroc. Tagann 'marten' an Bhéarla ón seanainm Gearmáineach ar eas. Cloistear 'Pine Marten' á thabhairt air ach tá dul amú ansan. Taithíonn an cat crainn an uile shaghas crann seachas cloí leis an gcrann giúise amháin. Isí insa choill ina bhfuil breacarsach de ghach cineál adhmaid is fearr leis maireachtaint.

Dealramh

Tá an cat crainn ar chomh-mhéid leis an gcat baile geall leis de. Bíonn stumpaí cos faoi, agus tá a eireaball fada scuabach. Tá dath breá donn ar a chluimh a chlaochlaíonn i leith na duibhe i rith an tsamhraidh. Is sainchomhartha ar an ainm seo é, an paiste ar dhath an uachtair a leathann ó scórnach go cosa tosaigh aige. Tá cluasa móra cruinne air agus dath liathdhonn istigh orthu. Go coitianta (ó shrón go barr eireabail) tá an firinneach 69 ceintiméadar ar fhaid agus an bhaineannach 63 cm.

Stair Dháilscaipeadh an Chait Chrainn

Ta an Cat Crainn ar fáil go forleithadúil ar Mhór Roinn na hEorpa. Creidtear gur 8,000 go 9,000 bliain ó shoin, taréis na ré oighre is déanaí, a tháinig an cat crainn go hÉirinn. Má sea níor thánathas ar aon taisce shamplach arbh fhéidir í a dhátáil, go dtí 2780 bliain ó shoin. Bhíodh na cait chrainn le fáil trí thír na hÉireann amach, ach insna céadta deireannacha seo tá líon dulta i ndísc go mór. Ar chúiseanna an díscithe seo tá lomadh leathan na gcoillte ins





Cuntas an Dáilscaipithe

gach aird den tír. Faoi láthair níl ach 9% d’Éirinn faoi chrainn; sin é an t-áireamh is lú san Eoraip. Sa gú céad déag deintí an cat crainn a sheilg ar mhaithe lena sheiche (fionnriaidh). Ní bhíonn ag an gcat crainn ach áil beag, agus ní thagann siad in innmhe siolraithe go ceann a trí de bhlianaibh. Nuair a húsáidte conablach nimhiúil (faoi stricín) d’fhonn sionnaigh d’idiú, mhéadaigh sin ar ráta éaga an chait chrainn. San am i láthair is óspairtí bóthair is mó a dhíscionn an cat crainn agus an fiadhúil i gcoitinne.

Gnáthóg agus Béasa

Tapaíonn spéiceas an chait chrainn a dheiseanna, agus tá so-oiriúnú sásúil déanta aige lena shaol in áitreabh na gcrainn.

Maireann sé de ghnáth faoi scáth coille, bíodh búircíneach nó measctha nó ina scrobarnach. Fós áfach, tagtar air ar thalamh chairrgeach oscailte, cosúil leis



Coilltearnach measctha oiriúnach chun gnáthóige don gcat crainn

an mBoirinn i gContae an Chláir, ar thalamh móinéir nó fiú cois farráige. Bíonn fearann faoi ghach ball den gcineál, faoi bhaineannaigh chomh maith le fireannaigh, agus deineann gach n-aon a chuid féin a chosaint go neamhspléach. Marcáiltear teorainn an fhearainn le tuar agus le mún. I gCoillte Dhroma Mhóir i gContae Sligeach áirítear tuisi na bhfearann ó 50 go 80 heachtár ag firinneach agus ó 14 – 25 ha. ag baineannach. Beidh níos mó ná gnáthóg amháin ag an gcat crainn in aon fhearann leis/leí. Bíonn mórán saghas láthár nide acu, m.sh. cuas crainn, neadacha tréigthe préachán, leabacha dearga an iorra rua nó claiseacha i measc na gcloch. Tá tuairisc orthu a bheith ag lonnú i bhfrathacha foirngeamh. Ní chodlaíonn siad sa Gheimhreadh ach tógann siad bog é agus spárlann siad stóras a mbríomhaireachta. Níl an cat crainn glórach thairis an gnáth, ach cloistear uathu ar uairibh miabha, crónán agus sceamhaíl.

Beathú

Baineann an cat crainn le spéiceas uathúil airneánach;




deineann a shealgaireacht istoíche, go háirithe faoi chróntráth. Go bunúsach tá sé beo ar fheoil ach tapóidh sé an deis maidir le beathú agus íosfaidh sé réimse leathan de bhianna. Cé go bhfuil sé ar fheabhas chun dreapadóireachta is gnách leis a bhéile a chaitheamh ar leibhéal na talún. Sa reigimein beatha aige áirítear:-

1. **Veirtebraigh**
(*Cnámhdromaigh*): *francaigh, luchaign, coiníní, éanlaithe boird, froganna, agus tá sé ar na mbeagán ainmhithe atá mear a ndóthain chun breith ar an iorra rua.*
2. *Gan cnámh droma: sciar leathan m.sh. piastanna, ciaróga srl.*
3. *Sa bhFómhar: flúirse caor m.sh. áirní, sméara dubha, srl.*
4. *Ar an gcósta: portáin agus iasc.*

Síolrú

Tarlaíonn cúpláil ó Lúnasa go Meán Fomhair; deineann an cúpla, ar gnách aonarach gach ball acu, comhriachtain (lánúnas). Is gnách a gcúirtéireacht (suirí) bruíontach. Taréis an toirchithe ní leabaíonn an ghin go dtagann uain oiriúnach. Ceadáíonn an próiseas seo nach mbeirtear an t-aos óg ach nuair atá an bheatha flúirseach agus an




Lorg lapa an chait chrainn agus na hingne leath-iompaithé isteach ann.

aimsir gan a bheith chomh dian san. Is gnách trí piscín sa ghnáth-ál. Nuair a saolaítear iad ní bhíonn aon radharc acu agus bíonn siad clúdaithe i gclúmh liath, a athraíonn a dhath go donn de réir mar aosaíonn siad. Tugann siad suas le sé seachtaine i dteannta na máthar. Ní beirtear ach ál amháin in aghaidh na bliana. Bíonn siad aibí chun síolraithe timpeall trí bliana d'aois. Faoi chlós dóibh maireann siad suas le deich mbliain, ach ag imeacht fiáin doibh 'sé is dóichide ná go gcaillfear iad sula sroichfidh siad ón a cúig go dtí a sé de bhlianaibh.

Conas teacht ar an gcat crainn

Ainmí cúthail a thaithíonn siúl oíche isea an cat crainn. Aithnítear iad a bheith timpeall ón dtuar a bhíonn ina ndiaidh (ar a dtugtar as Béarla 'scats'). Is maith leo cosáin agus bóithre réamh-dhéanta a leanúint tríd an gcoill agus fágfaidh siad tuar faoin mbealach chun teoranna a bhfearann a mharcáil. Fágтар leis a dtuar ar struchtúir shuaithinseach nádúrtha mar a bheadh crainn, cnocáin agus carraigeacha. Is deacair a rian a chur. Ar nós an chait bhaile ní maith leo fliuchras agus ní fhágfaidh siad aon rian sa lathaigh. Ní sheachnaíonn siad áfach an sneachta agus cífear a rian ansúd.



Sainchuma thuar an chait chrainn

Má tá sé d'adh ort cait chrainn a fheiscint go rialta i do gháirdín, seans gur dheas leat iad a bheathú. Isé a rogha-san manglam de shíolta, de risíní agus de shubh na sú craobh. Má fhágann tú canntaí móra bí ina gcóir ní dhéanfaidh siad ach iad a bhailiú chun siúil; má sea le leithéid na síolta fanfaidh siad ar an bhfód á ngráinseáil, agus beidh caoi agat ar iad d'fhaire ag ithe dhóibh.

Baol agus Caomhnú

Deineann an sionnach foghail ar an gcat crainn, ach is iad an cine daonna an baol is mó atá ag bagairt air. De réir mar a leathann na bruachbhailte agus mar a mhéadaíonn ar thiús na mbóithre isé ciollarchioth na gnáthóige is mó is eagal don gcat crainn. Má sea tá síúl go mbeidh oiread agus 16% de thír na hÉireann faoi choillte um an bhliain 2055.

Tá gach dealramh ar an mbreis coilleadóireachta seo go gceadóidh sí don gcat crainn a ghnáth áitreabh a thaithí thar nais ar chuma nádúrtha. De bharr na bhfeachtaisí athláthraithe a thionscain Páirc Náisiúnta Chill Áirne, d'athbhunaíodh pobal na gcat crainn a bhí díscithe ins an dúthaigh in 1980.

Tá an cat crainn ar liosta mar bhall de spéiceas iontsuime sa dá Aguisín II agus IV de Aitheasc na hEorpa faoin gComhshaol. Tá sé fós liostaithe in Aguisín III de Choinbhinsiún Bheirn mar spéiceas i ngátar chosanta. In Éirinn tá sé faoi chosaint ag an Acht um Fhiadhúlra 1976 a chinntíonn gur gníomh coiriúil é cat crainn a mharú, a ghabháil i ngaiste d'aon ghnó nó buairt nide a chur air d'aon ghnó.

Cad is féidir duit a dhéanamh?

Tá mórán slite inar féidir leat cabhrú le marthain an chait chrainn mar spéiceas.

- 1) *Ar an gcéad dul síos feadfair oiread eolais agus is féidir a bhailiú mar gheall orthu agus do dhúthracht a dháileadh ar dhaoine eile. Déanfaidh eolas níos fairsinge i measc an phobail agus breis chúraim, an fad saoil atá roimh an chineál seo ainmhí a chosaint.*
- 2) *Má thagann tú ar an gcat crainn ag maireachtaint i do cheantar féin, innis don maor coille é atá i mbun an fhiantais ar an láthair ina bhfuil an t-ainmhí. Bíonn na maor i gcónaí buíoch fá chionn tuairiscí a bhaineann le raon a gcúraim. Más ámharáí fós tú agus go bhfuil cait chrainn ag lonnú san áileár agat, agus gurbh fhearr leat ná beadh, cuir fios ar an maor coille agus aistroidh sé as an áit a bhfuilid iad.*
- 3) *Cabhróidh sé má thacaíonn tú leis an iomad eagrais atá ag tiaráil d'fhonn ár gcoillte a chosaint agus d'athnuachaint. Orthu san tá Comhairle Crann na hÉireann, Coillte, Seirbhís na Coille, Crainn na hÉireann maille le Seirbhís na bPáirc Náisiúnta agus an Fhiadhúlra agus le hlontaobhas Fhiadhúlra na hÉireann.*

Tagairtí

<http://sunset.ennis.ie>

<http://www.rte.ie/radio/mooneygoeswild/factsheets/mammals4.html>

Kerry County Council (2004)
Special Species of Co. Kerry.

Hayden, T & Harrington R (2000)
Exploring Irish mammals. Town house and Country House Ltd, Dublin.

Sleeman, P. (1989) Stoats, Weasels, Polecats and Martens. Whittet Books, London.

www.crainn.ie

www.npws.ie

www.iwt.ie

Téacs: Kate Bradbury



Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: (01) 8883910
Lóghlaoch: 1890 200191
Faics: (01) 888 3946
r-phost: info@enfo.ie
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Arna chlóbhuaileadh ag Print and Promotions.

Teil: 087 2567205

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte Bealtaine 2004

